

COMHTHÉACS AN OIDEACHAIS AGUS CÚRAIM LUATH-ÓIGE IN ÉIRINN

Le thart ar deich mbliana anuas, forbraíodh an earnáil luath-óige go suntasach ag leibhéal áitiúil, leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh.

Tugadh isteach Rialacháin Réamhscoile in Éirinn den chéad uair sa bhliain 1996. Rinneadh na rialacháin sin a leasú sa bhliain 2006 agus anois tá tuilleadh leasuithe déanta orthu sna [Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) 2016](#) agus sna [Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Leasú\), 2016](#). Sa bhliain 2018, d'fhorbair Cigireacht Luathbhlianta Tusla an [Creat Cáilíochta agus Rialála \(CCR\)](#), ina leagtar amach na príomhriachtanais rialála a bhaineann le comhlíonadh leis na Rialacháin Luathbhlianta 2016. Baineann an Creat Cáilíochta agus Rialála le gach Seirbhís Luathbhlianta cláraithe. Cuireann sé na riachtanais maidir le comhlíonadh reachtúil in iúl do sholáthraithe seirbhíse, páirtithe leasmhara agus tuismitheoirí/caomhnóirí, ar bhealach soiléir, le tacú leo tuiscint a fháil ar conas a bhaineann an Chigireacht Luathbhlianta ciall as na Rialacháin Luathbhlianta 2016 go praiticiúil agus conas a chomhlíontar na Rialacháin.

Rinneadh athruithe an-suntasach ar dhlíthe Éireannacha agus idirnáisiúnta a bhaineann le cearta leanaí. Tá na Rialacháin Luathbhlianta 2016 agus na hathruithe dlí eile sin, chomh maith le forbairtí tábhachtacha eile, imithe go mór i bhfeidhm ar cad a éilítear ar sholáthraithe seirbhísí cúraim agus oideachais luathbhlianta a dhéanamh, agus ar cad is mian leo a dhéanamh chun caighdeán níos airde a shásamh ó thaobh seirbhísí níos sábháilte, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a fhorbairt agus a chur ar fáil do leanaí agus teaghlaigh, agus lena chinntiú go gcosnófar cearta leanaí.

Mar gheall ar na forbairtí agus athruithe, tá go leor tacaíochtaí difriúla ar fáil do sholáthraithe agus oideoirí luathbhlianta le cúnamh a thabhairt leo na riachtanais agus an méid atáthar ag súil leis uathu a shásamh.

I measc na bhforbairtí a bhfuil tionchar acu ar sholáthar seirbhíse do dhaoine óga, tá:

- Forbairt den chreat [Síolta: An Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige](#) (an Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige, 2006) agus den Chlár um Dhearbhú Cáilíochta (CDC) Síolta.
- Tabhairt isteach den chreat [Aistear: Creachuraclam na Luath-óige](#) (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2009).
- [Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 2014-2020](#) (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2014).

- Bunú na gníomhaireachta [Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach](#) (2014) agus, ina dhiaidh sin, náisiúnú na Cigireachta Luathbhlianta Tusla
Forbairt na treorach ar líne [Treoir Chleachtais Aistear Síolta](#) (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2015), acmhainn chleachtais cháilíochta a bhfuil rochtain dhíreach ag soláthraithe, oideoirí agus tuismitheoirí uirthi.
- Tabhairt isteach den chigireacht nua [Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta](#) ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (2015).
- Cruthú den tseirbhís náisiúnta [Tús Níos Fearr, Seirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta](#) (2015) agus den tsamhail [AIM - an tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe](#) (2016).
- An Tionscnamh Náisiúnta Aistear Síolta (2016), atá á threorú agus á mhaoirsiú ag grúpa stiúrtha ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus Tús Níos Fearr.
- Teacht i bhfeidhm de na [Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) 2016](#) agus de na [Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Leasú\) 2016](#) (RLGÓ, 2016).
- An riachtanas faoi na Rialacháin Luathbhlianta 2016 go gcláraíonn seirbhísí le Tusla.
- Forbairt den [Chreat Cáilíochta agus Rialála \(CCR\)](#) 2018, a chuir an Chigireacht Luathbhlianta Tusla le chéile.
- Táimid ag fanacht leis an gcéad Straitéis Luathbhlianta náisiúnta, atá á forbairt ag an RLGÓ.

Mar gheall ar na forbairtí dearfacha sin ar fad, tá tuiscint nua ann, táthar ag súil le rudaí nua agus tá spreagadh nua do sholáthraithe seirbhíse chun a bpróisis oibriúcháin, polasaithe agus nósanna imeachta a athbhreithniú, a mheasúnú agus a nuashonrú.

Thug na forbairtí nua go leor tacaíochtaí luachmhara nua isteach do sheirbhísí chun eolas a dhéanamh dá bhforbairt polasaí agus le feabhas a chur ar a gcleachtas i ngach réimse.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcoinníonn gach ceann de na forbairtí a rinneadh le déanaí leanaí i gcroílár cleachtais ardchaighdeán agus go n-aithníonn siad an tábhacht a bhaineann le taithí ar ardchaighdeán luath-óige.

Tá sé tábhachtach tuiscint a bheith agat ar na forbairtí ar fad san earnáil luathbhlianta fad atá polasaithe agus nósanna imeachta á bhforbairt agat, agus ba cheart go léireodh na polasaithe seirbhíse go léir na forbairtí, eolas agus faisnéis is nuaí ar fad.

Tacaíochtaí do Sholáthraithe Seirbhíse Luathbhlianta

Tusla agus an Creat Cáilíochta agus Rialála

Cuireadh Tusla, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ar bun ar an 1 Eanáir 2014 agus is é Tusla an ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as folláine agus torthaí leanaí a fheabhsú.

Oibríonn an Gníomhaireacht faoin Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013, ar píosa forásach reachtaíochta é a bhfuil leanaí ina croílár, agus breathnaítear ar an teaghlach mar an bhunchloch do phobal láidir sláintiúil inar féidir leanaí fás. Tá comhpháirtíocht agus comhoibriú maidir le seirbhísí comhtháite a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh i gcroílár an Achta chomh maith.

("Eolas Fúinn | Tusla - Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach", 2018)

Is é Tusla an ghníomhaireacht rialála atá freagrach as cigireacht a dhéanamh ar réamhscoileanna, grúpaí súgartha, naíolanna, seirbhísí cúraim lae agus seirbhísí den chineál céanna a fhreastalaíonn ar leanaí idir breith agus sé bliana d'aois.

Ar an 4 Bealtaine 2016, d'fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016. Déanann na Rialacháin Luathbhlianta foráil do sheirbhísí réamhscoile. Is é sin seirbhísí a fhreastalaíonn ar leanaí faoi sé bliana d'aois nach bhfuil ag freastal ar bhunscoil. Foilsíodh na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú) 2016 ar an 20 Nollaig 2016. Tugtar na Rialacháin Luathbhlianta 2016 ar na rialacháin sin.

Leasaíonn Cuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach an tAcht um Chúram Leanaí 1991 (arna leasú ag alt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) ar a dtugtar Cuid VIIA. Leagtar amach sa Chuid sin an mhaoriseacht a dhéantar ar Sheirbhísí Luathbhlianta, lena n-áirítear cigireachtaí agus clárúchán.

Tá an Chigireacht Luathbhlianta Tusla freagrach as a chinntiú go gcuirfear soláthar luathbhlianta ar fáil de réir na Rialachán fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 agus de réir na Rialachán fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú) 2016.

Tá Tusla freagrach chomh maith as an gcóras clárúcháin do sholáthraithe seirbhísí luathbhlianta, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2016. Is ceanglas dlíthiúil é ar gach seirbhís luathbhlianta a bhfuil sé mar aidhm aici bheith ag oibriú iarratas a chur isteach faoi alt 58D(2) den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

2013 trí mhí ar a laghad sula mbeartaíonn siad tús a chur le hoibriúchán (seachas i gcás seirbhís luathbhlianta sealadach nach mór fógra 21 lá ar a laghad a thabhairt ina leith).

Ní mór do sholáthraí cláraithe oibriú de réir riachtanais reachtúla an Stáit mar a leagadh amach sna Rialacháin Luathbhlianta 2016 agus i gCuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013 (Alt 58 G). Tá an ceart freagartha ag soláthraithe maidir le haon chás de neamhchomhlíonadh na rialachán a shainnítear le linn cigireachta agus maidir le cinntí clárúcháin.

Is é ceann de na riachtanais a bhaineann le clárúchán go gcaithfear a chinntiú go bhfuil polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse, atá sonraithe i Sceideal 5 de na Rialacháin Luathbhlianta 2016, i bhfeidhm.

Le haghaidh tuilleadh eolais féach <http://www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/>

Coistí Contae/Cathrach i gCúram Leanaí (CCCs) agus Eagraíochtaí Deonacha Cúraim Leanaí (VCOs)

Faigheann Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCCs) maoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) agus feidhmíonn siad mar ghníomhairí áitiúla don RLGÓ ó thaobh gnéithe de chlár náisiúnta oideachais agus cúram luathbhlianta a riar. Cuireann na CCCs tacaíochtaí ar fáil do sholáthraithe trí na tionscnaimh cúraim agus oideachais luathbhlianta. Tá béim agus eolas áitiúil ag na CCCs, agus tacaíonn sé sin le tacaíochtaí a sholáthar chun seirbhísí luathbhlianta a fhorbairt agus a chothú.

Cuireann na CCCs an méid seo a leanas ar fáil:

- Tacaíochtaí chun clár náisiúnta RLGÓ a sholáthar;
- Tacaíochtaí do sholáthraithe seirbhíse áitiúla agus tuismitheoirí maidir le clár náisiúnta agus caighdeán seirbhíse ar aon dul le creataí náisiúnta agus cuspóirí beartais;
- Oiliúint a chomhordú agus a chur ar fáil; agus
- Ionad áitiúil tacaíochta, eolais agus comhairle maidir le gach saincheist a bhaineann le hoideachas agus cúram luathbhlianta agus seirbhísí aois scoile.

Áirítear leis na hEagraíochtaí Deonacha a thacaíonn le Soláthraithe Oideachais agus Cúraim Luathbhlianta:

- Barnardos
- Luath-óige Éireann
- An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise
- Feighlíocht Leanaí Éireann
- Gaelscoileanna Teo.
- Irish Steiner Kindergarten Association

- St. Nicholas Montessori Society of Ireland

Oibríonn Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCCs) agus na hEagraíochtaí Deonacha (VCOs) le chéile ar bhonn áitiúil agus náisiúnta le tacú le soláthraithe seirbhíse oideachais agus cúraim luathbhlianta (chomh maith le soláthraithe aois scoile) chun caighdeán a seirbhísí a fheabhsú. Cuireann CCCs agus VCOs an tacaíocht sin ar fáil trí réimse meicníochtaí cosúil le heolas, acmhainní, meantóireacht, comhairle agus oiliúint do sholáthraithe seirbhísí. Déanann siad cur i bhfeidhm na gcreataí náisiúnta a chur chun cinn, agus tacaíonn siad leis sin, chun feabhas a chur ar chaighdeán an tsoláthair seirbhíse.

Síolta: An Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige

Ba é an Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige a d'fhorbair Síolta, an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige, agus foilsíodh é sa bhliain 2006. Is í an aidhm atá aige creat náisiúnta cáilíochta a chur ar fáil do gach cineál suíomh luath-óige in Éirinn agus áirítear leis an gClár um Dhearbhú Cáilíochta (CDC). Is éard atá i Síolta ná an obair a rinne réimse leathan páirtithe leasmhara san earnáil oideachais agus cúraim luath-óige in Éirinn, agus an obair sin curtha in eagar, agus bhí ról lárnach ag comhairliúchán leis an earnáil i bhforbairt an chreata.

Tá 12 Phrionsabal cáilíochta agus 16 Chaighdeán cáilíochta i Síolta (tugann an t-ainm an deis ar fhás le fios), agus tacaíonn na Prionsabail sin le suíomhanna cleachtas ardchaighdeán a shainmhíniú, a mheasúnú agus a chur i bhfeidhm. Tá Síolta bunaithe ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugann sé aghaidh ar **gach** gné de chleachtas, idir thimpeallachtaí ardchaighdeán a chur ar fáil d'fhoghlaim agus forbairt leanaí óga agus caidrimh dhearfacha ardchaighdeán a chothú, chomh maith le heagrúchán, pleanáil, measúnú agus cleachtas gairmiúil.

Is é ceann de na cuspóirí atá ag Síolta ná a bheith ina uirlis le haghaidh forbairt polasaí, chomh maith le tuiscint chomhchoiteann i measc iad siúd a bhfuil tionchar acu ar thaithí luath leanaí óga, cosúil leo siúd atá ag forbairt polasaithe do sheirbhísí luathbhlianta, a chur chun cinn.

Is féidir le Síolta cur le réimse gnéithe cleachtas, cosúil le:

- tacaíocht a thabhairt maidir le forbairt agus cleachtas gairmiúil aonair
- fócas le haghaidh obair ina bhfoirne agus forbairt foirne a chur ar fáil
- uirlis a chur ar fáil le haghaidh bainistíochta, pleanáil straitéiseach agus forbairt polasaí

Ó Nollaig 2008, tá an tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta den Roinn Oideachais agus Scileanna (atá comhlonnaithe sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige) freagrach as Síolta a chur i bhfeidhm.

Gnéithe Síolta

Tá trí phríomhghnéithe i Síolta agus tá siad leagtha amach thíos:

1. Prionsabail Cháilíochta - Is ann do 12 Phrionsabal agus cuireann siad fíis fhoriomlán an Chreata ar fáil.
2. Caighdeáin Cháilíochta - Clúdaíonn an 16 Chaighdeán gach réimse cleachtais a dtugtar aghaidh orthu, agus aistríonn siad an fhíis cháilíochta atá sna Prionsabail go dtí cleachtas.
3. Comhphárteanna Cáilíochta - Cuireann na comhphárteanna táscairí ar fáil maidir le Síolta a chur i bhfeidhm. Baineann siad go díreach leis na Caighdeáin agus déanann siad gach réimse caighdeánach cleachtais a bhriseadh síos ina bpáirteanna níos sonraí agus níos dírithe. Tugtar míniú breise ar gach ceann de na Comhphárteanna Cáilíochta le sraith Deiseanna Machnaimh agus 'Rudaí le Smaoineamh Orthu'. Feidhmíonn na Deiseanna Machnaimh sin mar threoirlínte féinmhachnaimh d'oideoirí luathbhlianta le smaoineamh ar a gcleachtas reatha, agus chun gnéithe dá gcleachtas atá dearfach a aithint, chomh maith leis na gnéithe sin nach mór tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. Tacaíonn na 'Rudaí le Smaoineamh Orthu' le hoideoirí i suíomhanna luathoideachais a bheith aireach ar a gcuid cleachtais agus a bheith criticiúil faoi.

Na Caighdeáin Síolta

1. Cearta an Linbh
Chun a chinntiú go gcomhlíontar cearta gach leanbh, is cóir go gcuirtear ar a c(h)umas roghanna a dhéanamh agus a bheith gníomhach as a stuaim féin mar rannpháirtí agus comhpháirtí ina c(h)uid forbartha agus foghlama féin.
2. Timpeallachtaí
Bíonn timpeallachtaí saibhre, lasmuigh agus laistigh (idir ábhair agus trealamh) dea-choimeáda, sábháilte, solúbtha agus oiriúnach ó thaobh forbartha de. Bíonn siad ar fáil don leanbh agus éasca le teacht orthu. Cuireann siad réimse éagsúil eispéireas dúshlánach spreagúil ar fáil don leanbh.
3. Tuismitheoirí agus Teaghlaigh
Chun meas a léiriú ar thuismitheoirí agus ar theaghlaigh agus chun ról a thabhairt dóibh, is cóir go mbeadh cur chuige gníomhach comhpháirtíochta ann agus, mar fhianaise air sin, go mbeadh raon próiseas, polasaithe agus nósanna imeachta ann atá fógartha go soiléir, ar féidir teacht orthu go héasca, agus atá curtha i bhfeidhm.
4. Comhairliúchán
Chun a chinntiú go mbíonn gach uile dhuine rannpháirteach i gcinneadh a ghlacadh, tá gá le comhairliúchán a chuireann rannpháirtíocht chun cinn, a

lorgaíonn dearcaidh agus tuairimí leanaí, tuismitheoirí, lucht foirne, agus páirtithe leasmhara eile de réir mar is cuí, a éisteann leo agus a ghníomhaíonn dá réir.

5. Idirghníomhartha

Chun idirghníomhartha cuiditheacha (leanbh agus leanbh, leanbh agus duine fásta, agus duine fásta agus duine fásta) a chothú, tá gá le polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtas soiléirithe a leagann béim ar luach an phróisis agus atá bunaithe ar mheas cómhalartach, páirtíocht chomhionann agus comhthuiscint.

6. Imirt

Chun súgradh a chur chun cinn, is cóir neart ama a bheith ag gach leanbh chun dul i mbun an tsaoil atá mórthimpeall uirthi/air a thriall, chun bheith cruthaitheach agus chun brí a bhaint as an saol, i gcuideachta leanaí eile nó daoine fásta a ghlacann páirt i mbealach tacúil, nó ina (h)aonar más cuí. Ba chóir na deiseanna chuige sin a bheith ar fáil go réidh, a bheith oiriúnach ó thaobh forbartha de agus ba chóir acmhainní maithe a bheith ann dóibh.

7. Curaclam

Chun forbairt agus foghlaim iomlánaíoch gach linbh a spreagadh, is cóir curaclam nó clár a chur i bhfeidhm atá infhíoraithe, solúbtha, a bhfuil cur chuige leathan aige agus cur síos scríofa le fáil air.

8. Pleanáil agus Meastóireacht

Chun gach gné de chleachtas laistigh den suíomh a shaibhriú agus a threorú, is gá timthriallta breathnóireachta, pleanála, gnímh agus meastóireachta a dhéanamh go rialta.

9. Sláinte agus Leas

Chun sláinte agus leas an linbh a chur chun cinn, is gá í/é a shábháil ó dhochar, bia cothaitheach a sholáthar di/dó, deis a thabhairt di/dó a scíth a ligean mar is cuí, agus caidreamh muiníneach, measúil a dhéanamh léi/leis.

10. Eagrú

Má táthar chun acmhainní a eagrú agus a bhainistiú go héifeachtach, tá gá le comhaontú scríofa maidir le fealsúnacht agus, mar thaca leis sin, polasaithe agus nósanna imeachta, a chuirtear in iúl go soiléir, chun cleachtas a threorú agus a mhúnlú.

11. Cleachtas Gairmiúil

Má táthar chun cleachtadh i slí ghairmiúil is cóir go mbeadh scileanna, eolas, luachanna agus meon ag daoine aonair a oireann dá ról agus dá bhfreagracht sa suíomh. Ina theannta sin, tá gá le machnamh rialta ar chleachtas agus le forbairt ghairmiúil leanúnach le tacaíocht.

12. Cumarsáid

Chun go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann ar mhaithe leis an leanbh, tá gá le polasaithe, nósanna imeachta agus gníomhartha a chuireann roinnt eolais agus faisnéise chun cinn go gníomhach i measc páirtithe leasmhara cuí, le meas agus le rúndacht.

13. Aistrithe

Chun leanúnachas eispéireas a chinntiú do gach leanbh, is gá polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais a bheith ann a bhfuil sé mar aidhm acu aistrithe a láimhseáil ar bhealach tuisceanach. Is cóir go mbeadh na príomhchaidrimh buanseasmhach agus go mbeadh cumarsáid taobh istigh de shuíomhanna agus ó shuíomh go suíomh. Is gá, chomh maith, eolas ábhartha a thaifeadadh agus a aistriú (le cead na dtuismitheoirí), agus is gá na tuismitheoirí agus daoine gairmiúla cuí a bheith rannpháirteach go dlúth.

14. Féiniúlacht agus Muintearas

Má táthar chun féiniúlachta dearfacha agus mothúchán láidir muintearais a chur chun cinn, is cóir go mbeadh polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtas ann atá sainmhínithe go soiléir. Cuireann siad sin ar chumas gach linbh agus duine fásta féiniúlacht mhúineach maidir leo féin agus maidir leis an ngrúpa a fhorbairt agus tuiscint agus meas dearfach a bheith acu ar fhéiniúlacht agus ar chearta daoine eile.

15. Reachtaíocht agus Rialúchán

Is gá gach rialachán agus ceanglas reachtúil ábhartha a chomhlíonadh, nó dul tharstu.

16. Rannpháirteachas an Phobail

Chun rannpháirteachas an phobail a chur chun cinn, is gá gréasáin agus ceangail a chruthú agus, mar fhianaise air sin, polasaithe, nósanna imeachta agus gníomhartha a bheith ann a mhéadaíonn ar theagmháil gach duine fásta agus gach leanbh leis an bpobal mór, agus a thacaíonn leis an teagmháil sin.

Na Prionsabail Síolta

Is iad seo a leanas an 12 Phrionsabal atá ag Síolta:

1. Is tráth tábhachtach agus éagsúil sa saol é an luath-óige agus ní mór leanaí a chothú, meas a léiriú orthu, agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina gceart féin le linn an trátha sin.
2. Tá indibhidiúlacht, buanna, cearta agus riachtanais an linbh i gcroílár soláthair eispéireas ardchaighdeáin luath-óige.

3. Is iad na tuismitheoirí/caomhnóirí príomhoideoirí an linbh agus tá an príomhról acu ó thaobh folláine, foghlaim agus forbartha an linbh a chur chun cinn.
4. Tá caidrimh fhreagrúla, mhothálacha agus chómhalartacha, caidrimh nach n-athraíonn in imeacht an ama, riachtanach d'fholláine, foghlaim agus forbairt an linbh óig.
5. Is tréith riachtanach d'oideachas agus cúram ardchaighdeáin na luath-óige é comhionannas.
 - i. Aithnítear éagsúlacht i suíomhanna ardchaighdeáin luath-óige, tá meas ag suíomhanna ar éagsúlacht, agus déanann siad cinnte go ndearbhaítear féiniúlacht aonair, phearsanta, chultúrtha agus teanga na leanaí agus teaghlach go léir.
6. Tá tionchar díreach ag timpeallacht fhisiceach an linbh óig ar fholláine, foghlaim agus forbairt féin an linbh.
7. Ní mór sábháilteacht, leas agus folláine na leanaí ar fad a chosaint agus a chur chun cinn i ngach timpeallacht luath-óige.
8. Tá ról fíorthábhachtach ag an duine fásta ó thaobh taithí ardchaighdeáin luath-óige a chur ar fáil.
9. Tá gá le comhoibriú, cumarsáid agus meas ar a chéile chun taithí ardchaighdeáin luath-óige a chur ar fáil.
10. Is léiriú ar oideolaíocht¹ i luath-óige iad curaclaim nó cláir gníomhaíochtaí a bhfuil cur chuige iomlánaíoch acu maidir le forbairt agus foghlaim an linbh, agus a léiríonn an bhaint an-dlúth atá ann idir cúram agus oideachas.
11. Tá ról lárnach ag súgradh i bhfolláine, forbairt agus foghlaim an linbh óig.

Clár um Dhearbhú Cáilíochta (CDC) de chuid Síolta

I ndiaidh don Chreat Cáilíochta Síolta a bheith tugtha isteach, tugadh an Clár um Dhearbhú Cáilíochta (CDC) Síolta isteach le deis a thabhairt do shuíomhanna luathbhlianta dul i mbun próiseas féinmheasúnaithe agus forbartha cáilíochta tríd an gcreat Síolta a úsáid ar bhealach foirmeálta agus struchtúrtha. Is cur chuige i dtaca le Síolta a úsáid atá bunaithe ar láidreachtaí é an CDC Síolta. Tacaíonn sé le seirbhísí luathbhlianta féinmheasúnú agus forbairt a dhéanamh ar chaighdeán a gcleachtas agus a soláthair thar thréimhse ama.

¹ Déanann an téarma oideolaíocht tagairt don réimse leathan idirghníomhaíochtaí a thacaíonn le forbairt an linbh.

Oibríonn suíomhanna atá i mbun an CDC trí shraith 10 gcéim le tacaíocht ó Mheantóir Aistear Síolta, de réir mar a thaispeántar i dTábla 1 thíos.

Stage A: Registration
1. Registration
2. Allocation of Síolta Mentor
3. Introduction to Síolta QAP (materials and processes)
Stage B: Self-assessment (Baseline) and Quality Improvement
4. Baseline Assessment
5. Action Planning
6. Developing Quality & Portfolio Building
7. Portfolio Review and Submission
Stage C: Validation
8. Validation
9. Certification
10. Renewal

Tábla 1 Céimeanna an CDC Síolta

Is é ról an Mheantóra Aistear Síolta cur i bhfeidhm an CDC Síolta a éascú trí na nithe seo a leanas:

- Tacaíocht mheantóireachta a chur ar fáil.
- Cleachtas athmhachnaimh a spreagadh agus tacú leis.
- Tacaíocht a thabhairt do shuíomhanna maidir leis na próisis CDC - féinmheasúnú, pleanáil gníomhartha, obair forbartha agus tógáil phunainne (bailiú fianaise san áireamh).

Ní mór d'fhoirne luathbhlianta tiomantas a léiriú d'fhonn an Clár um Dhearbhú Cáilíochta Síolta a chur i bhfeidhm, ach tá a lán buntáistí ag baint leis sin, lena n-áirítear:

- An tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil do leanaí agus teaghlaigh.
- Eispéiris níos éifeachtaí luathfhoghlama do leanaí.
- Gnáthrudáí a fheiceáil ar bhealaí nua.
- Forbairt phearsanta agus ghairmiúil do gach ball den fhoireann.
- Tuiscint chomhroinnte laistigh d'fhoirne agus obair bhuíne fheabhsaithe.
- Feabhas leanúnach ar chaighdeán.

Is é bailíochtú an chéim dheiridh sa CDC Síolta (Céim C mar a thaispeántar i dTábla 1). Sa chéim sin, déantar rátálacha féinmheasúnaithe agus an phunann chleachtais a ghabhann leis (fianaise san áireamh) a athbhreithniú ag bailíochtóir seachtrach. Déanann an tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta sa Roinn Oideachais agus Scileanna an bailíochtóir a shannadh. Is cuid den phróiseas bailíochtaithe é an t-athbhreithniú punainne, in éineacht le cuairt bhailíochtaithe ar an suíomh luathbhlianta. Tá an CDC curtha i gcrích nuair a eisíonn an tAonad Beartas um

Oideachas sna Luathbhlianta deimhniú bailíochtaithe don suíomh, deimhniú a thugann sonraí maidir leis na leibhéil cháilíochta atá bainte amach i dtaca le gach ceann den 16 Chaighdeán Síolta.

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil maidir le Síolta agus an CDC Síolta féach www.siolta.ie

Aistear, Creachuraclam na Luath-óige

Díríonn Aistear, Creachuraclam na Luath-óige, a tugadh isteach sa bhliain 2009, ar chaighdeán na n-eispéireas foghlama i ngach suíomh do leanaí idir breith agus sé bliana d'aois. Déanann Aistear cur síos ar na cineálacha foghlama, na meonta, na luachanna agus dearcaidh, na scileanna, an t-eolas agus an tuiscint atá tábhachtach do leanaí sna luathbhlianta, agus cuireann sé smaointe agus moltaí ar fáil maidir le conas an fhoghlaim sin a chothú. Cuireann an Creat treoirlínte ar fáil chomh maith maidir le conas tacú le foghlaim na leanaí trí chomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí, agus trí idirghníomhaíochtaí, súgradh agus measúnú.

Agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim agus forbairt na leanaí, déanann Aistear:

- Conas ba cheart do leanaí agus cad ba cheart dóibh a fhoghlaim a aithint, agus déanann sé cur síos ar na cineálacha eispéireas a thacaíonn leis sin.
- Naisc a dhéanamh i bhfoghlaim na leanaí le linn na luathbhlianta agus de réir mar a théann siad ar aghaidh ó shuíomh amháin go dtí suíomh eile.
- Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí mar phríomhoideoirí a leanaí le linn na luath-óige, agus déanann sé comhpháirtíochtaí éifeachtacha idir tuismitheoirí agus oideoirí a chur chun cinn.
- An curaclam agus na hábhair atá ann a shaibhriú agus a leathnú.
- Eolas a thabhairt do chleachtas i réimse suíomhanna, disciplíní agus gairmeacha, agus spreagann sé obair idirdhisciplíneach.

Tá Aistear bunaithe ar an 12 Phrionsabal de luathfhoghlaim agus forbairt. Cuirtear gach prionsabal i láthair trí ráiteas láidre a úsáid. Ina dhiaidh sin, cuirtear míniú ar an bprionsabal ó thaobh linbh de ar fáil. Tarraingíonn an míniú sin aird ar ról an duine fásta maidir le tacú le luathfhoghlaim agus forbairt an linbh.

Cuireann Aistear foghlaim agus forbairt an linbh i láthair trí úsáid a bhaint as ceithre théama. Is iad seo a leanas na ceithre théama:

- **Folláine** - Díríonn folláine ar fhorbairt mar dhuine. Tá dhá phríomhghné aige sin: folláine intinne (mothú agus smaoineamh san áireamh) agus folláine choirp
- **Féiniúlacht agus Muintearas** - Baineann an téama sin le forbairt féiniúlachta dearfaí i measc leanaí agus tá sé tábhachtach go dtuigeann leanaí go bhfuil meas orthu mar chuid de theaghlach agus pobal

- **Cumarsáid** - Mar chuid den téama sin, roinneann na leanaí a gcuid taithí, smaointe, cuimhneamh agus mothúchán le daoine eile, agus déanann siad é sin le muinín agus inniúlacht atá ag fás, ar bhealaí atá éagsúil agus chun críocha éagsúla
- **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht** - Díríonn an téama sin ar leanaí agus iad ag baint céille as rudaí, áiteanna agus daoine ina saol

Tosaíonn gach téama le hachóimre ghairid ar thábhacht an téama do leanaí mar fhoghlaimeoirí óga. Ina dhiaidh sin, cuirtear an téama i láthair trí úsáid a bhaint as ceithre aidhm. Ansin, déantar na ceithre aidhm a roinnt ina sé sprioc foghlama. Cuireann gach téama roinnt smaointe agus moltaí ar fáil maidir leis na cineálacha eispéireas foghlama a d'fhéadfadh daoine fásta a chur ar fáil do leanaí agus iad ag obair i dtreo aidhmeanna agus spriocanna Aistear. Tugtar deiseanna samplacha foghlama ar na smaointe agus moltaí sin.




Fig 1: Téamaí Aistear

Le haghaidh tuilleadh eolais ar Aistear, féach <http://www.ncca.biz/Aistear/>

Tá an dá Chreat náisiúnta - Síolta agus Aistear - an-tábhachtach agus tá ról suntasach ag an dá chreat maidir le feabhas a chur ar chaighdeán taithí luath saoil na leanaí, taithí arb í an taithí is tábhachtaí í. Tá aidhmeanna agus cuspóirí difriúla ag Síolta agus Aistear. Nuair a úsáidtear le chéile iad, cuireann siad na creataí ar fáil trínar féidir tacú le forbairt agus caighdeán an chleachtais do gach duine a thugann cúram agus oideachas do leanaí idir breith agus sé bliana d'aois in Éirinn. Beidh 'torthaí níos fearr agus todhchaí níos gile' ann do gach leanbh in Éirinn ar deireadh thiar mar gheall ar chur i bhfeidhm éifeachtach an dá chreat cleachtais.

An Treoir Chleachtais Aistear Síolta

Is acmhainn ar líne é an *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* a thacaíonn le hoideoirí agus tuismitheoirí úsáid a bhaint as Aistear agus Síolta le chéile le forbairt a dhéanamh ar chaighdeán a gcuraclaim agus, ar an mbealach sin, tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhoghlaim agus forbairt leanaí.

Áirítear leis an Treoir Chleachtais réimse acmhainní le cúnamh a thabhairt d'oidoírí luathbhlianta ionas go mbeidh siad ábalta smaoineamh go criticiúil ar an gcuraclam agus rudaí a oibríonn go maith a aithint. Féadann na hacmhainní sin tacaíocht a thabhairt chomh maith maidir le tosaíochtaí forbartha a aithint agus gníomhartha le haghaidh athrú dearfach a phleanáil. Is féidir úsáid a bhaint astu chun athbhreithniú, forbairt agus feabhsú cáilíochta a dhéanamh ar bhonn leanúnach.

Cé go dtacaíonn an *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* le roinnt príomhghnéithe de chleachtas ardchaighdeáin agus is acmhainn thar a bheith úsáideach do sheirbhísí luathbhlianta í an treoir, ní thacaíonn sí le gach gné de chleachtas ardchaighdeáin atá clúdaithe sa chreat cáilíochta Síolta. Tá sé tábhachtach a bheith eolach air sin, agus ba cheart gach gné chleachtais atá clúdaithe sa chreat Síolta a chur san áireamh (gach ceann den 16 Chaighdeán) agus polasaithe agus nósanna imeachta á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm.

Is féidir teacht ar an Treoir Chleachtais ar líne ag www.aistearsiolta.ie

Tús Níos Fearr, an tSeirbhís um Fhorbairt Cháilíochta

Chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) Tús Níos Fearr, an tSeirbhís um Fhorbairt Cháilíochta, ar bun sa bhliain 2015 agus tá an tseirbhís á hóstáil ag Pobal thar ceann na Roinne. Tugann sé cur chuige náisiúnta comhtháite isteach i dtaca le cáilíocht in oideachas agus cúram luathbhlianta a fhorbairt, agus oibríonn sé i gcomhar le Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí agus Eagraíochtaí Deonacha Náisiúnta lena chinntiú go mbaineann leanaí in Éirinn leas as seirbhísí ardchaighdeáin luathbhlianta.

Tá an creat cáilíochta Síolta, an Creachuraclam Aistear agus an *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* mar bhonn agus mar thaca ag an obair a dhéanann Tús Níos Fearr.

Cuireann Tús Níos Fearr, an tSeirbhís um Fhorbairt Cháilíochta sainfhoireann Luathbhlianta ar fáil le hoibriú go díreach le seirbhísí mar mheantóir, rud a chuireann le hacmhainní agus tacaíochtaí cáilíochta eile cosúil le hoiliúint, cláir forbartha gairmiúla leanúnaí, líonrú, grúpaí tacaíochta de shaghas braisle agus obair forbartha aonair nó foireannbhunaithe a sholáthraíonn na Coistí Cúram Leanaí Contae agus Cathrach agus na hEagraíochtaí Deonacha amhail Barnardos, Luath-óige Éireann agus an Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar Thús Níos Fearr féach

<https://www.pobal.ie/BetterStart/Pages/Home.aspx>

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna

Oibríonn Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) le feabhas a chur ar chaighdeán foghlama do leanaí agus daoine óga i scoileanna, ionaid oideachais agus suíomhanna luathbhlianta na hÉireann a chuireann cúram agus oideachas na luath-óige arna maoiniú ag an Stát ar fáil do leanaí idir 2 bhliain agus 8 mí d'aois go dtí go dtéann siad go dtí bunscoil nó suíomhanna foghlama eile. Baineann obair na Cigireachta, go bunúsach, le feabhas a chur ar chaighdeán na foghlama do leanaí agus daoine óga sna suíomhanna sin. Is é aidhm na gclár cigireachta measúnú a dhéanamh ar phríomhghnéithe soláthair oideachais sa suíomh oideachais a bhfuil cigireacht á déanamh air agus feabhas sa suíomh sin a chur chun cinn. Déantar Cigireacht um Oideachas Luathbhlianta de réir alt 13(3)(b) den Acht Oideachais 1998 agus ar aon dul le Meabhrán Tuisceana idir an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an tAire Oideachais agus Scileanna agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá sé d'oibleagáid ar shuíomhanna Luathbhlianta a fhaigheann maoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun an Clár um Chúram agus Oideachas Luath-óige uilíoch saor in aisce a chur ar fáil, faoi théarma a gcomhaontuithe deontais, cigireacht a dhéanann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna a éascú (RLGÓ 2018, cuid 8.1).

Déanann Cigireacht um Oideachas Luathbhlianta nádúr, raon agus oiriúnacht na n-eispéreas oideachasúil do leanaí a ghlacann páirt sa Chlár um Chúram agus Oideachas Luath-Óige a mheasúnú. Tá an tsamhail chigireachta a úsáideann an Chigireacht um Oideachas Luathbhlianta bunaithe ar chreat cáilíochta, a ndéanann na prionsabail in Aistear, Creatchuraclam na Luath-óige, agus Síolta, an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luathbhlianta, eolas dó, chomh maith le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le hoideachas agus cigireacht luath-óige.

Áirítear leis na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag creat cáilíochta na Cigireachta um Oideachas Luathbhlianta na prionsabail seo a leanas:

- Is tráth tábhachtach agus éagsúil é an luath-óige agus ní mór leanaí a chothú, meas a léiriú orthu, agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina gceart féin le linn an trátha sin.
- Cuireann eispéiris ardchaighdeáin oideachasúla sa luath-óige go mór le rath foghlama ar fad an tsaoil.
- Ba cheart go dtacófaí le folláine agus forbairt iomlánaíoch oideachasúil leanaí sa luath-óige de réir a gcuid riachtanas.
- Tá ról lárnach ag an gcleachtóir i suíomhanna luathbhlianta.
- Ba cheart go mbeadh leanaí ina ngníomhaithe gníomhacha ó thaobh a gcuid foghlama agus forbartha de, agus go gcuirfí ar a gcumas barr a gcumas mar fhoghlaimeoirí inniúla muiníneacha a bhaint amach. Déantar é sin trí úsáid a bhaint as idirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin lena dtimpeallacht agus le hoideoirí luathbhlianta.

- Is gnéithe lárnacha den oideachas luath a chuirtear ar fáil do leanaí iad láidreachtaí, riachtanais, tuairimí, ábhair shuime agus folláine na leanaí.
- Tá ról lárnach ag súgradh i bhforbairt agus foghlaim leanaí óga.
- Tá a gcuid taithí féin chomh maith le beatha uathúil ag gach uile leanbh. Aithnítear féiniúlacht an linbh mar dhuine aonair agus mar bhall de theaghlach agus pobal.
- Aithnítear agus tacaítear le ról na dtuismitheoirí mar phríomhoideoirí leanaí.
- Cuireann Cigireacht atá dírithe ar Oideachas Luathbhlianta tosca comhthéacsúla a bhaineann leis an suíomh luathbhlianta san áireamh, lena n-áirítear tosca socheacnamaíoch.

Deartar samhail na Cigireachta Oideachais Luathbhlianta le tacú le forbairt leanúnach cáilíochta i suíomhanna trí thacaíocht agus comhairle a chur ar fáil d'oideoirí maidir le conas is féidir taithí agus gaiscí foghlama na leanaí a fhorbairt nó a fheabhsú. Tacaíonn sé le próisis féinmheasúnaithe agus athbhreithnithe i seirbhísí agus cuireann sé le bearta eile náisiúnta le tacú le forbairt leanúnach i soláthar oideachais luath-óige, mar shampla, an *Treoir Chleachtais Aistear Síolta*.

Baintear úsáid as samhail na Cigireachta Oideachais Luathbhlianta le heolas meastóireachta, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le caighdeán an tsoláthair oideachais i suíomhanna luathbhlianta i dtaca le:

- Caighdeán an chomhthéacs le tacú le forbairt agus foghlaim leanaí.
- Caighdeán na bpróiseas le tacú le forbairt agus foghlaim leanaí.
- Caighdeán na taithí agus na ngaiscí foghlama atá ag leanaí.
- Caighdeán na bainistíochta agus ceannasaíochta d'fhoghlaim.

(An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018)

Téigh do dtí [Treoir maidir le Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta](#)

An Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear

Tugann an RLGÓ maoiniú don Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear agus cuireadh ar bun é sa bhliain 2016 le tacaíocht agus comhordú lárnach a chur ar fáil maidir le Síolta agus Aistear a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála luath-óige.

Tá an Tionscnamh Náisiúnta Aistear Síolta á mhaoirsiú ag grúpa stiúrtha ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus Tús Níos Fearr.

Tá an Tionscnamh á threorú ag an gComhordaitheoir náisiúnta Síolta (ROS) agus ag an gComhordaitheoir náisiúnta Aistear (an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta), a oibríonn go dlúth le chéile chun rolladh amach an Tionscnaimh a chomhordú ar bhonn éifeachtach.

Tá an Comhordaitheoir náisiúnta Síolta lonnaithe san Aonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta sa ROS agus tá an Comhordaitheoir freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm Síolta agus an CDC Síolta a chomhordú. Tá an Comhordaitheoir Aistear lonnaithe sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus tá an Comhordaitheoir freagrach as forbairt ghairmiúil leanúnach Aistear a fhorbairt, chomh maith le forbairt leanúnach na Treorach Cleachtais Aistear Síolta.

Díríonn an Tionscnamh go mór ar Aistear agus Síolta a chomhtháthú agus oibríonn sé i gcomhpháirtíocht le raon páirtithe leasmhara. Cuireann meantóirí Síolta Aistear ó na Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí, Eagraíochtaí Deonacha Náisiúnta agus ó na Cláir Óige Ceantarbhunaithe (ABC) oiliúint, meantóireacht agus tacaíochtaí cóitseála ar fáil do shuíomhanna luathbhlianta le tacú leo an dá chreat a chur i bhfeidhm.

Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí & do Dhaoine Óga 2014-2020

Ag leibhéal an pholasaí náisiúnta, is é *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí & do Dhaoine Óga 2014-2020*, a d'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige sa bhliain 2014, an chéad chreatlach uileghabhálach náisiúnta do leanaí agus daoine óga a leagann príomhghealltanais an Rialtais do leanaí agus daoine óga amach. Is é cuspóir na creatlaí polasaí sin polasaí ar fud an Rialtais a chomhordú le torthaí níos fearr a bhaint amach. Is é fíis *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* ná:

...go mbeidh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr ar an domhan le fás aníos agus clann a thógáil inti, agus ina léirítear meas ar chearta gach leanbh agus duine óg, agus ina ndéantar na cearta a chosaint agus a chomhlíonadh; ina n-éistear lena nglórtha agus ina dtugtar tacaíocht dóibh barr a gcumais a bhaint amach inniu agus amach anseo.

Tá teachtaireachtaí láidre san fhís sin a bhaineann go díreach le soláthraithe seirbhísí luathbhlianta, lena n-áirítear:

- Tiomantas do chearta na leanaí a chosaint agus chun éisteacht leo.
- Tiomantas do mheas a léiriú ar leanaí agus daoine óga agus tacaíocht a thabhairt dóibh mar na daoine atá siad inniu, chomh maith leis na daoine a bheidh siad sa todhchaí.

An Coimisiún Eorpach - Comhoibriú Eorpach maidir le hOideachas agus Tábhacht an Oideachais agus Cúraim Luath-Óige

Sa bhliain 2011 d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach teachtaireacht thábhachtach dar teideal 'Teachtairacht maidir le hOideachas agus Cúram na Luath-Óige'. Sa bhliain 2017, rinne an Coimisiún Eorpach, ina Theachtairacht maidir le 'Féiniúlacht Eorpach a Neartú trí Oideachas agus Cultúr', cur síos ar Limistéar Oideachais Eorpach nach gcuirfeach teorannacha srian le hoideachas, oiliúint agus taighde

ardchaighdeáin ionchuimsitheach ann agus inar féidir daoine leas a bhaint as an tairiscint shaibhir oideachasúil san Aontas. Is cuid den fhís sin é oideachas agus cúram luath-óige ardchaighdeáin, mar leagann sé an bhunchloch le haghaidh foghlaim bhreise chomh maith le féiniúlacht agus saoránacht a chruthú.

Aithníonn an Coimisiún Eorpach gurb iad na luathbhlianta na blianta is foirmithí i saol an duine agus tá tionchar mór acu ar sheansanna oideachais, fostaíochta agus imeasctha na ndaoine. Leagann Piléar Eorpach um Chearta Sóisialta béim ar go bhfuil an ceart ag leanáí oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne agus ar ardchaighdeán a bheith acu.

Ar an 22 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle Eorpach in iúl maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardchaighdeán².

Is é aidhm an togra sin le haghaidh Moladh ón gComhairle tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit ina n-iarrachtaí chun feabhas a chur ar rochtain ar a gcórais oideachais agus cúraim luath-óige agus ar chaighdeán na gcóras, cé gur aithníodh go bhfuil an phríomhfhreagracht as sin ag Ballstáit. Féachann an togra le:

- Tuiscint chomhroinnte ar fud an AE a fhorbairt maidir le cad is soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán ann. Tacóidh sé sin, ina dhiaidh sin, le leasuithe náisiúnta agus cuirfidh sé ionchuimsiú sóisialta chun cinn trí mhalartú taithe agus deachleachtas a éascú.
- Tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit an AE ina n-iarrachtaí chun feabhas a chur ar rochtain ar a gcórais oideachais agus cúraim luath-óige agus ar chaighdeán na gcóras. Áirítear leis sin maoiniú ón AE a chur ar fáil ar mhaithe le feabhas a chur ar infhaighteacht agus cáilíocht na seirbhísí agus le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar thagarmharcanna agus spriocanna.

Cuireann an togra Creat Cáilíochta an AE um Oideachas agus Cúram Luath-óige chun cinn. Cuireann an Creat Cáilíochta príomhphrionsabail ar fáil, chomh maith le cur chuige Eorpach i dtaca le córais oideachais agus cúraim luath-óige atá ar ardchaighdeán.

Tá 10 ráiteas ar cháilíocht atá leagtha amach de réir cúig réimse leathana a bhaineann le cáilíocht: rochtain, lucht saothair, curaclam, monatóireacht agus measúnú, agus rialú agus maoiniú.

Déanann an 10 ráiteas ar cháilíocht cur síos ar na príomhghnéithe de sheirbhísí ar ardchaighdeán de réir mar a aithnítear i gcleachtas. Is uirlis rialachais é an creat cáilíochta a bhfuil sé mar aidhm aige treoir a chur ar fáil maidir le córais oideachais agus córais do leanáí óga a fhorbairt agus a chaomhnú.

Le féinmheasúnú agus tuilleadh machnaimh a chumasú, cuireann sé liosta táscairí ar fáil chomh maith ar féidir iad a úsáid ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

² An Bhruiséil, 22.5.2018 COM(2018) 271 final 2018/0127 (NLE)

Is é príomhchuspóir an chreata ná oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na leanaí ar fad agus déantar é a threorú ag na prionsabail seo a leanas:

- Tá seirbhísí ardchaighdeáin ríthábhachtach ó thaobh forbairt agus foghlaim leanaí a chur chun cinn agus, go fadtéarma, a ndeiseanna oideachasúla a fheabhsú;
- Tá sé riachtanach go nglacann tuismitheoirí páirt mar chomhpháirtithe seirbhísí den chineál sin - is é an teaghlach an áit is tábhachtaí do leanaí ó thaobh fáis agus forbartha de, agus tá tuismitheoirí (agus caomhnóirí) freagrach as folláine, sláinte agus forbairt gach leanbh;
- Ní mór go bhfuil seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige leanbh-lárnach, go dtugtar páirt do leanaí ar bhonn gníomhach agus go n-aithnítear dearcthaí leanaí.

Is féidir leat an creat a fheiceáil ag

https://ec.europa.eu/education/sites/education/files/ecec_en_annexe_proposition_part1_v5.pdf